

## Nuacht TG4

An oíche sin bhí na buachaillí tuirseach traochta. Chaith siad an trathnóna ar fad ag dul ó áit go háit ag iarraidh teach tar Rua. Chuir siad póstaer ar crochadh i ngach áit. Bhí na páistí eile ón scoil ag cabhrú leo. Bhí na Gardaí ag cabhrú leo freisin.



Chuir an príomhoide gloach ar an raidió áitiúil agus ar TG4 leis an scéal. Bhí an scéal ar an nuacht ag a naoi a chlog. Bhí gach éinne i mBaile na hAbhann ag féachaint air.

A naoi a chlog san oíche a bhí ann agus bhí madra óg áit éigin sa dorchadas. Bhí Muiris bocht trína chéile ar fad. I ndiadh na nuachta bhí clár spóirt ann.

'Dia Daoibh, a chairde! Is mise Seán Ó Neachtain leis an spórt. Beidh cluiche ceannais an Chontae ar siúl De Domhnaigh seo chugainn i bPort Laoise. Beidh Baile na hAbhann agus Ros Muc ag imirt in aghaidh a chéile. Beidh an sliotar á chaitheamh isteach ag a trí a chlog'.



Ní raibh fonn ar Mhuiris smaoineamh ar an gclúiche anois. Bhí sé róbhronach. Ní raibh fonn air dul ann fiú amhain. 'Go raibh maith agat, a Sheáin'. Lean an cailín nuachta ar aghaidh. 'Chíochnóimid an scéal brónach. Tá madra ar strae áit éigin i mBaile na hAbhann. Rua is ainm dó. Má tá eolas ar bith agat faoin madra galánta seo cuir gloch ar na Gardaí. Is mise Sile Ní Chonaill le Nuacht TG4. Oíche mhaith agus codlamh sámh'.

Idir an dá linn, bhí madra fliuch báite ag féachaint air féin ar an teilifís. Bhí sé ina sheasamh taobh amugh de shiopa teilifíse ar Shráid Ard, Portlaoise. Ní raibh oíche mhaith ná codladh sámh ag Rua an oíche sin.

1. Cé a chabhraigh leis na buachaill?

---

---

2. Cén t-am a bhí an nuacht ar siúl?

---

3. Cathain a bheidh an cluiche ceannais ar siúl?

---

4. Cé a bheidh ag imirt ann?

---

5. Cá mbeidh sé ar siúl?

---

6. Cén fath nach raibh fonn ann ar Mhiris dul go dtí an cluiche?

---

---

---

7. Cad a chonaic Rua?

---

8. Cár chaith Rua an oíche sin, meas tú?

---

---

---